Bliain **6** & Bliain **7**

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Is Túisce Beart ná Briathra

Aonad Téamach

Clár

Faoin Aonad Téamach Seo			1
Rannán 01 **Riachtanais agus Teastálacha**	Gníomhaíocht a hAon	Dúshlán an Mhála Taistil	5
	Gníomhaíocht a Dó	An Díospóireacht Mhór Shiúil	6
	Gníomhaíocht a Trí	Tíortha i nGátar	7
	Gníomhaíocht a Ceathair	An Pictiúr Mór	8
	Gníomhaíocht a Cúig	Cúis agus Iarmhairt	9
	Gníomhaíocht a Sé	Cumhacht an Íomháineachais	10
Rannán 02 **Lámha Cuidithe**	Gníomhaíocht a Seacht	Eagraigh é!	13
	Gníomhaíocht a hOcht	Obair Dheonach!	14
	Gníomhaíocht a Naoi	Fógraigh é!	15
	Gníomhaíocht a Deich	Seó Cainte – Cuir i Láthair é!	16
	Gníomhaíocht a hAon Déag	An bhFuil Mé Ábalta Aige?	17
Rannán 03 **Bí Fiontraíoch**	Gníomhaíocht a Dó Dhéag	Déanamh Grúpaí	21
	Gníomhaíocht a Trí Déag	Pleanáil a Dhéanann Máistreacht	22
	Gníomhaíocht a Ceathair Déag	Léirmheasanna den Scoth	23
Áiseanna			25

Admhálacha

Is mian le CCEA aitheantas a thabhairt do Anne McErlane, Mount St Michaels Primary, Baile Raghnaill agus do Brendan O'Neill, Béal Feirste, a d'fhorbair an tAonad Téamach seo, as an chuidiú a thug siad. Tugtar buíochas do Corinne Hanna, Glenwood Primary School, Béal Feirste a thriail an tAonad Téamach agus a thug aiseolas fíorluachmhar. Is mian le CCEA buíochas a ghabháil le príomhoide, foireann agus páistí Bhunscoil an tSléibhe Dhuibh, le hIontaobhas na Gaelscolaíochta, agus le Bunscoil Naomh Bríd as íomhánna de na daltaí a chur ar fáil dúinn.

Faoin Aonad Téamach Seo

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Timpeall an Domhain*, SFN Blianta 6&7. San aonad seo, beidh páistí ag fiosrú saol daoine eile nach bhfuil an t-ádh céanna orthu agus atá orthu féin. Agus seo ar bun acu, foghlaimeoidh siad faoin obair dheonach a dhéanann daoine agus faoin ról acu domhan níos fearr a chothú.

Má ghlactar cur chuige fiontraíoch spreagfar páistí deiseanna a shainaithint nuair a thig leo difear a dhéanamh tríd ócáid a eagrú chun airgead a bhailiú do chumann carthanachta dá rogha féin.

Beidh deis ag páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann in Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt le páirt a ghlacadh sa gheilleagar agus sa timpeallacht.
Croíghné	*Infhostaitheacht*
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Díríonn an tAonad Téamach seo ar **Bhainistiú Faisnéise**. Beidh deiseanna ag páistí: • *Sonraí faisnéise a rangú, a chur i gcomparáid lena chéile agus a mheas;* • *Modhanna a fhorbairt le sonraí faisnéise a chomhordú agus a thaifeadadh; agus* • *Tuiscint a bheith acu ar spriocghrúpa agus chuspóir.* Beidh deiseanna fosta ag páistí scileanna a bhaineann le *Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht* agus *Obair le Daoine Eile* a fhorbairt.
Scileanna Traschuraclaim	Dírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC]
An Fhoghlaim a Nascadh	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: • Teanga agus Litearthacht • Matamaitic agus Uimhearthacht; • Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint; • An Domhan Thart Orainn; agus • Na hEalaíona.
Aidhm	Tá d'aidhm ag an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: • Feasacht a fhorbairt ar an éagothroime ar fud an domhain; agus • Tuiscint a bheith acu ar an ról atá ag daoine a dhéanann obair dheonach agus ar na fáthanna a ndéanann siad í.

RANNÁN 01

Riachtanais agus Teastálacha

Gníomhaíocht a hAon
Dúshlán an Mhála Taistil

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- tuiscint a thábhachtaí atá sé go dtiocfaidh siad ar chomhaontú agus iad ag obair le chéile le tasc a chomhlánú;
- an difear idir riachtanais agus teastálacha a thuiscint;
- tuiscint a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh siad cinntí faoi chaiteachas agus faoi luach ar airgead (ÚMata); agus
- fios a bheith acu gur féidir táblaí a úsáid le sonraí a léiriú agus a léirmhíniú. (ÚMata, ÚTCF, SSAP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir an rang ina ngrúpaí de cheathrar agus abair leis na daltaí go mbeidh siad ag ligean orthu go bhfuil siad ar thuras campála nó ar shaoire den chineál sin. Beidh £300 ag na páistí le hearraí a cheannach don turas agus caithfidh siad an oiread agus is féidir de a chaitheamh. Tabhair catalóga don ghrúpa agus abair leo na rudaí ba mhaith leo a cheannach a ghearradh amach astu. Spreag iad chun TFC a úsáid le táblaí a chruthú leis an chaiteachas a thaifeadadh. Bíodh cead ag na páistí áireamhán a úsáid le fiosrú a dhéanamh ar an oiread teaglamaí d'earraí is féidir leo a cheannach. Agus an ghníomhaíocht seo curtha i gcrích, tuairisceoidh gach grúpa leis an rang. Úsáid straitéis **Rangú Muileata*** lena fháil amach cad iad na rudaí a bhfuil gá leo i ndáiríre agus cad iad na só-earraí.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

Ligeann na páistí orthu go bhfuil siad ag pacáil mála do shaoire, agus na rudaí uilig a chaithfidh siad a thabhairt leo á liostú acu. Iarr ar na páistí réimse ábhar a bhaineann leis na saoirí is fearr a thabhairt isteach, lena bplé sa rang ina mbeirteanna.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc ar shuíomh CCEA

Gníomhaíocht a Dó
An Díospóireacht Mhór Shiúil

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta tuairimí a chur in iúl, ceisteanna a fhiafraí agus tuairimí daoine eile a fhreagairt (Cum);
- eolas a chur ar shonraí faisnéise a rangú, a chur i gcomparáid agus a mheas (SSAP); agus
- bheith feasach ar na difríochtaí idir riachtanais agus teastálacha (SSAP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Iarr ar na páistí bheith ina suí droim le droim i lár an tseomra. Ainmnigh taobh amháin den seomra mar 'riachtanais' agus an taobh eile mar 'teastálacha'. Léigh amach roinnt ráiteas ó 'Chártaí Riachtanas agus Teastálacha' (Áis A). Caithfidh na páistí a shocrú cé acu 'riachtanas' nó 'teastáil' atá á léiriú ag an ráiteas trí bhogadh go dtí an taobh cuí den seomra. Agus na ráitis uilig léite agaibh, cuir na páistí ina ngrúpaí agus iarr orthu léirmhíniú ar 'riachtanais' agus ar 'teastálacha' a chumadh.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

- Iarr ar na páistí a fháil amach cad as a dtagann an bia sa bhaile.

Gníomhaíocht a Trí
Tíortha i nGátar

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- eolas a chur ar na hiarmhairtí a bhíonn ag eachtraí daonna agus/nó ag tubaistí nádúrtha ar cheantar agus ar an dóigh a dtarlaíonn athrú dá bharr;
- a thuiscint gur minic a bhíonn tíortha éagsúla ag brath ar a chéile le haghaidh earraí, seirbhísí agus eolais;
- bheith ábalta éisteacht go cúramach agus a seal a ghlacadh i bplé (Cum); agus
- bheith ábalta eolas ó fhoinse dhigiteach áirithe a úsáid (ÚTCF, SSAP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Sula dtabharfaidh sibh aghaidh ar an ghníomhaíocht seo, iarr ar na páistí íomhánna de chogadh, de bhochtanas, de ghorta agus de thubaistí nádúrtha as nuachtáin, irisleabhair agus/nó ón idirlíon a thabhairt isteach.

Úsáideann na páistí TFC le taighde a dhéanamh ar shaol páiste i dtír i mbéal forbartha, san India, mar shampla. Iarr orthu a saol féin a chur i gcomparáid le saol páiste i dtír i mbéal forbartha.

Pléann an rang na hiarmhairtí a bhíonn ag na rudaí seo thíos ar riachtanais agus ar theastálacha páistí ar fud an domhain:

- foréigean agus cogadh;
- bochtanas;
- triomach agus gorta; agus/nó
- tubaistí nádúrtha.

Úsáid eachtraí reatha agus scéalta nuachta le cuidiú leis na páistí plé a dhéanamh ar na hiarmhairtí.

Is féidir **Díospóireacht Cipín*** a úsáid lena chinntiú go mbeidh an deis chéanna ag gach páiste páirt a ghlacadh. Is féidir **Suirbhé Lipéad*** a úsáid ansin le faisnéis ábhartha a fháil ó na páistí. Agus an fhaisnéis faighte, is féidir í a chur ar **Ghreille A-B-C***.

Bíodh cead ag na páistí an t-idirlíon, nó feidhmchláir amhail Google Earth, a úsáid leis an domhan a bhreathnú ón spás. Iarr orthu na hilchríocha, a dtír féin agus na tíortha a luaitear sa **Suirbhé Lipéad*** a aimsiú. Ansin sainaithneoidh na páistí cúig thír atá tábhachtach dúinn le bia a allmhairiú nó tíortha a d'fhulaing mar gheall ar choimhlint, ar ghorta, ar bhochtanas nó ar thubaiste nádúrtha. Iarr ar na páistí na tíortha seo a cheangal lena dtír féin ar léarscáil den domhan ag baint úsáide as sreang dhaite, agus é a chur ar taispeáint sa seomra ansin.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Ceathair
An Pictiúr Mór

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- eolas a chur ar eispéiris, ar shaol agus ar chultúr daoine sa domhan mór;
- bheith ábalta cosúlachtaí agus difríochtaí idir áiteanna a shainaithint (SSAP);
- tuiscint gur féidir smaointe, tuairimí agus idéanna pearsanta a chur in iúl go briathartha agus go neamhbhriathartha araon (Cum);
- bheith ábalta an tsamhlaíocht a úsáid le dáimh le daoine eile a chothú (SSAP);
- eolas a chur ar struchtúr i scríbhneoireacht scripte (Cum); agus
- bheith ábalta scríobh i ról agus é a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Ba chóir do na páistí dul siar ar an **Ghreille A-B-C** ón ghníomhaíocht roimhe lena bhfuil foghlamtha acu go dtí seo a mheabhrú.

Cuir na páistí ina ngrúpaí beaga agus tabhair grianghraif de shaol teaghlaigh i dtíortha atá i ngátar dóibh. Tabhair am do na grúpaí staidéar a dhéanamh ar na grianghraif agus a gcuid smaointe agus mothúchán a thaifeadadh. Spreag iad leis na cosúlachtaí agus na difríochtaí ina saol féin a thaifeadadh. Tuairiscíonn gach grúpa ar a seal don chuid eile den rang faoina ghrianghraf.

Iarr ar na grúpaí an grianghraf a chur i lár leathán mór A1 nó A2. Iarr ar an rang a shamhlú faoina bhfuil ar bun taobh amuigh den ghrianghraf. Tarraingíonn na páistí thart timpeall ar an ghrianghraf na rudaí eile a shíleann siad atá le feiceáil, le cluinstin, le bolú, le tadhall srl.

Iarr ar na páistí eolas a bhailiú ar thubaiste nádúrtha ar leith. Samhlaíonn siad ansin go bhfuil tubaiste, amhail stoirm ghaoithe nó crith talún ar tí an baile mór acu a bhualadh. Pléigh an dóigh a n-ullmhódh siad an scoil lena húsáid mar dhídean faoisimh. Ba chóir dóibh róil a thabhairt amach, mar shampla, dochtúirí, altraí, íobartaigh, lucht soláthraithe bia, tuairisceoirí, cúramóirí nó riarthóirí.

Iarr ar na páistí tuairisc raidió nó teilifíse ar an tubaiste a chur i láthair agus agallamh a chur ar dhaoine éagsúla a d'fhulaing. Spreag gach páiste óráid ghairid a scríobh de réir carachtair, lena smaointe ar an tubaiste a chur in iúl. Bíodh am ag na grúpaí radharc gairid drámaíochta a léiriú le gné amháin den tubaiste a léiriú. Scannánaigh na léiriúcháin agus iarr ar na páistí an taifeadadh a úsáid le script a chumadh.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

Liostaíonn na páistí na carthanachtaí agus na heagraíochtaí atá i mbun oibre i dtíortha i mbéal forbartha. Faigheann siad amach an bhfuil duine ar bith dá dteaghlach nó dá bpobal áitiúil ag obair ar bhonn deonach in aon cheann de na heagraíochtaí seo.

Gníomhaíocht a Cúig
Cúis agus Iarmhairt

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- eolas a chur ar eispéiris, ar shaol agus ar chultúr daoine sa domhan mór;
- tuigfidh páistí go bhfuil daoine ag brath ar a dtimpeallacht le bheith beo;
- na hiarmhairtí a bhaineann le haimsir fhoircneach, le tubaistí nádúrtha agus/nó le gníomhaíochtaí daonna ar áiteanna agus ar dhaoine a thuiscint;
- forbróidh siad modhanna le faisnéis a chomhordú agus a thaifeadadh (SSAP); agus
- bheith ábalta cineálacha éagsúla ceisteanna a úsáid le haghaidh cuspóra (SSAP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Déan cúig ghrúpa oibre de na páistí. Tabhair tír amháin ón ghníomhaíocht roimhe do gach grúpa le taighde a dhéanamh uirthi. Ba chóir do na páistí díriú ar na deacrachtaí éagsúla atá ag muintir na dtíortha seo agus ar na tosca atá taobh thiar de na deacrachtaí seo, mar shampla, tíortha a buaileadh ag tubaiste nádúrtha mar an súnámaí in 2004 nó tíortha amhail An tSúdáin ina bhfuil cogadh fadtéarmach. Tabhair leathán mór páipéir do gach grúpa lena dtorthaí a thaifeadadh i bhfocail agus i bpictiúir. Iarr ar gach grúpa cur i lathair nóiméad amháin a dhéanamh faoina dtorthaí a thabhairt don chuid eile den rang.

Iarr ar na páistí liosta ceisteanna a ullmhú le heolas a bhailiú faoi thír ina bhfuil cosc ar dhaoine a gcuid riachtanas a riar. Is féidir na ceisteanna seo a thaifeadadh ar a n**Greille A-B-C***.

Gníomhaíocht a Sé
Cumhacht an Íomháineachais

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- a thuiscint go dtéann éagothroime i bhfeidhm ar shaol daoine;
- bheith ábalta modhanna neamhbhriathartha a úsáid le hidéanna a chur in iúl (Cum);
- bheith ábalta formáid dialainne a úsáid le hidéanna a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair (Cum); agus
- bheith ábalta íomhánna gluaiste féindéanta a chur le chéile le haghaidh cur i láthair agus cumarsáide (ÚTCF).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Taispeáin físeán spreagtha le haghaidh eagraíocht charthanachta do na páistí. De rogha air sin, úsáid na hailt nuachta nó na grianghraif a bhailigh na páistí mar chuid dá bhfoghlaim bhaile i ngníomhaíocht 4. Ina ngrúpaí beaga, pléann na páistí an t-íomháineachas a úsáideadh san fhíseán agus taifeadann siad a gcuid smaointe agus mothúchán faoina bhfuil le feiceáil acu. Spreag iad le hamharc ar an dóigh a n-úsáidtear dath, fuaim, maisíochtaí físe agus gothaí gnúise agus le trácht a dhéanamh ar an dóigh a músclaíonn siad seo smaointe agus mothúcháin. Úsáid **Bís Ealaíne*** le freagairtí pearsanta na bpáistí ar na híomhánna a chonaic siad a thaifeadadh. Cuir bís mhór pháipéir i spás oscailte a scríobhfaidh nó a dtarraingeoidh na páistí a smaointe uirthi. Is féidir na bíseanna a chur ar crochadh as an tsíleáil. Bíodh am ag na páistí a bhfuil déanta ag daoine eile a bhreathnú agus a phlé.

Úsáid na bíseanna leis na páistí a spreagadh iontráil dialainne a scríobh do pháiste a chónaíonn i dtír atá á tacú ag an charthanacht faoi thaighde. Na mórcheisteanna a thagann chun tosaigh san iontráil dialainne, is féidir eolas breise a bhailiú orthu trí theicnící dráma mar: **Sa Suíochán Te*; Tableau*, Fráma Reoite*; Línte Crá*; nó Caolsráid Coinsiasa*.**

Bíodh cead ag na páistí a gcomhrá féin a chumadh le haghaidh achainí carthanachta. Bíodh am acu a gcásanna a fhiosrú agus an achainí a chleachtadh. Is féidir é seo a chur i láthair an ranga nó ag tionól. Scannánaigh an léiriú lena athbhreithniú sa seomra ranga.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

Bailigh nó aimsigh ábhair a bhaineann le heagraíochtaí carthanachta éagsúla, mar shampla, póstaeir, irisleabhair, bróisiúir nó bileoga.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

RANNÁN

Lámha Cuidithe

02

Gníomhaíocht a Seacht
Eagraigh é!

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta faisnéis a shórtáil de réir critéar tugtha (ÚMata);
- bheith ábalta faisnéis a chomhordú, a thaifeadadh, agus a chur i láthair (SSAP); agus
- tuiscint ar ról na ngníomhaireachtaí carthanachta agus ar an dóigh a dtig leo saol daoine eile a athrú agus a fheabhsú.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir ábhair éagsúla a bhaineann le heagraíochtaí carthanachta (póstaeir, irisleabhair, bróisiúir nó bileoga), ar fáil do na páistí. Pléigh raon an eolais a chuireann na hábhair ar fáil. Agus na páistí ag amharc ar na hábhair, ba chóir dóibh ainm, lógó, aidhm agus cuspóirí na heagraíochta a shainaithint.

Cuir an rang ina ngrúpaí agus bíodh am acu eagraíochtaí carthanachta eile a thaighde. Cuir fonsaí móra ar an urlár. Iarr ar na páistí póstaeir agus ábhair na n-eagraíochtaí seo a shórtáil isteach sna fonsaí seo de réir chosúlachtaí agus dhifríochtaí na hoibre a dhéanann siad, mar shampla;

- grúpaí atá ag cuidiú ar bhonn áitiúil nó ar bhonn domhanda; nó
- grúpaí atá ag cuidiú le daoine, le hainmhithe nó leis an timpeallacht.

Iarr ar na páistí na roghanna acu a mhíniú.

Ina ngrúpaí, úsáideann na páistí na hábhair agus an obair le colláis a chruthú bunaithe ar chuid de na heagraíochtaí carthanachta a ndearna siad taighde orthu. Bíodh am ag gach grúpa a gcuid oibre a mhíniú do na daoine eile.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

Scríobhann páistí chuig eagraíocht charthanachta le heolas a fháil. De rogha air sin, ullmhaíonn siad óráid nóiméad amháin ar cheann de na heagraíochtaí carthanachta le cur i láthair an ranga.

Gníomhaíocht a hOcht
Obair Dheonach!

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- eolas a chur ar an ról atá ag oibrithe deonacha agus ar an dóigh a dtig leo saol daoine eile a athrú agus a fheabhsú.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Bíodh babhta tobsmaointeoireachta ag an rang ar na poist atá ag daoine taobh istigh den eagraíocht charthanachta a ndearna siad taighde uirthi. Pléigh an coincheap a bhaineann le hobair dheonach:

- Cad é an cineál duine é oibrí deonach?
- An bhfuil aithne againn ar dhaoine a dhéanann obair dheonach?
- Cad chuige a ndéanann daoine obair dheonach?
- Cad é an obair a dhéanann siad?
- An dtig le duine ar bith obair dheonach a dhéanamh?

Cuir an rang ina dtrí ghrúpa agus tabhair leathán mór páipéir ar a bhfuil ceann de na ceannteidil seo a leanas do gach grúpa:

- Cé na daoine a dhéanann obair dheonach?
- Cad chuige a ndéanann daoine obair dheonach?
- Cén obair a dhéanann na daoine seo?

Bíodh cúig nóiméad ag gach grúpa lena gcuid smaointe féin a chur ar an leathán páipéir. I ndiaidh cúig nóiméad, rothlaíonn na grúpaí le go mbeidh deis ag gach grúpa cur le gach ceist. Cuir na leatháin ar taispeáint agus pléigh a bhfuil iontu. Ina ngrúpaí, úsáideann na páistí na leatháin le staidéar carachtair ar oibrí deonach a chur le chéile. Thig leo ainm, nó eagraíocht charthanachta srl. a thabhairt ar an oibrí deonach.

Pléigh na 'buanna' nó na 'cáilíochtaí' atá ag daoine. I mbeirteanna, sainaithníonn na páistí na 'buanna' atá ag cara agus roinneann siad an t-eolas seo leis an rang. Úsáid am ciorcail le plé a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil 'buanna' ar leith againn uilig. Pléigh na 'buanna' ba chóir a bheith ag oibrí deonach. Cuir mála bronntanais dathúil i lár an tseomra, agus é lipéadaithe, 'Is iad seo na buanna atá ag oibrí deonach:'. Iarr ar na páistí na 'buanna' a bheadh ag oibrí deonach a scríobh ar phíosaí páipéir agus iad a chur sa mhála. Agus seo déanta ag na páistí uilig, léigh amach na buanna agus cuir in ord tosaíochta iad.

Gníomhaíocht a Naoi
Fógraigh é!

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta sócmhainní, (téacs agus íomhánna neamhbheo san áireamh), cinn ar tháinig siad orthu agus cinn a tháirg siad féin a phróiseáil agus a chumasc lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus in iúl (ÚTFC); agus
- bheith ábalta míniú a chur in iúl go soiléir, ag baint úsáide as stór focal agus leibhéal mionsonraíochta cuí (Cum).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir fógraí post ar fáil do na páistí lena léamh agus lena n-athbhreithniú. Ina ngrúpaí, cruthaíonn páistí fógra d'oibrí deonach i ngrúpa carthanachta roghnaithe. Agus an fógra á phleanáil agus á dhréachtú acu, ba chóir go mbeadh ceannteideal cuí acu dó. Caithfear na saintréithe a bhíonn ag oibrí deonach maith a lua ar an fhógra. Spreag na páistí le TFC a úsáid leis an fhógra deiridh a chruthú.

Gníomhaíocht a Deich
Seó Cainte – Cuir i Láthair é!

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- Fios a bheith acu go dtig leo páirt éifeachtach a ghlacadh i ndíospóireacht (Cum);
- a thábhachtaí atá sé go dtabharfaidh siad freagairt chuí ar thuairimí daoine eile a thuiscint (Cum); agus
- bheith ábalta dhá thaobh an scéil a fhiosrú le cinntí a dhéanamh (SSAP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Éistfidh an rang le hamhrán carthanachta mar 'Feed the World' le Band Aid. Pléigh obair Band Aid agus bíodh babhta tobsmaointeoireachta ann ar thionscnamh carthanachta eile a bhfuil na páistí eolach air.

Roghnóidh na páistí duine cáiliúil atá ag obair ar son carthanachta agus scríobhfaidh siad ceisteanna agallaimh a dhíríonn ar obair charthanachta an duine seo. Pléigh na buntáistí a bhíonn ann as baint a bheith ag duine nó ag daoine mór le rá le hobair charthanachta.

Déanfaidh na páistí taighde ar charthanachtaí áitiúla, The Niall Mellon Township Trust, mar shampla, agus foghlaimeoidh siad faoina gcuid oibre. Scríobhfaidh siad liricí d'amhrán rap leis an charthanacht roghnaithe a thabhairt chun suntais. Casfaidh siad é seo do rang eile nó ag Tionól.

De rogha air sin, úsáid an teimpléad **Crios na Bainteachta*** le cuidiú leis na páistí an cheist seo a fhreagairt – 'Is duine cáiliúil mé, cad chuige a ndéanaim obair dheonach?' Tabhair ráitis éagsúla do na páistí, amhail:

- Glacfar grianghraf díom.
- Rachaidh mé go tíortha eile.
- Tá sé tábhachtach go n-úsáidfidh mé mo stádas mar dhuine cáiliúil leis an charthanacht a thabhairt chun suntais.
- Sílfidh daoine gur duine maith mé.
- Buailfidh mé le go leor daoine nua.
- Beidh mé in ann saol daoine nó saol ainmhithe a fheabhsú.
- Seans go bhfaighidh mé níos mó oibre agus go ndéanfaidh mé níos mó airgid.

Socróidh na páistí cé acu atá na ráitis iontach ábhartha, ábhartha nó mura bhfuil siad ábhartha ar chor ar bith.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a hAon Déag
An bhFuil Mé Ábalta Aige?

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- a thuiscint go dtig leo páirt ghníomhach bhríoch a imirt i saol an phobail agus i saol an domhain mhóir; agus
- fios a bheith acu go dtacaíonn cineálacha éagsúla ceisteanna leis an phróiseas cinnteoireachta (SSAP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Úsáid an **Straitéis Chúig Cheist*** le páistí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar thionscadail fiontraíochta a chuideodh le carthanacht roghnaithe. Úsáid na ceisteanna seo a leanas mar spreagadh:

- **Cad é mar** a thig linn cuidiú?

Spreag na páistí leis an cheist seo a fhreagairt sula gcumfar an chéad cheist eile, mar shampla:

- **Cad é mar** a thig linn cuidiú?
  - D'fhéadfaimis airgead a bhailiú.
- **Cad é** a dhéanfadh muid leis an airgead a bhailiú?
  - Ócáid tiomsaithe airgid a chur ar bun.
- **Cad é** a bheidh de dhíth orainn leis an ócáid seo a eagrú?
  - Caithfimid obair mar fhoireann.
- **Abair** nach bhfuil daoine eolach ar an ócáid?
  - Fógróimid é roimh ré.
- **Cad é mar** a roghnóimid an charthanacht?
  - Beidh vóta sa rang againn.

Taifead na ceisteanna/freagraí ar smeach-chairt agus cuir ar taispeáint sa seomra ranga iad síos tríd an téama.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

Scríobhfaidh na páistí ar chlár a smaointe féin ar na rudaí a chuideodh leo.
(Cad é a dhéanfadh siad? Cad é mar a dhéanfadh siad é?)

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

RANNÁN

Bí Fiontraíoch

03

Gníomhaíocht a Dó Dhéag
Déanamh Grúpaí

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta obair i róil dhifriúla agus a bheith freagrach as tascanna cuí (SSAP); agus
- a thuiscint go bhfuil scileanna agus cáilíochtaí ar leith acu.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Pléigh leis na páistí na hócáidí sin mar a ndearna siad obair éifeachtach mar ghrúpa san Aonad Téamach seo. An dtig leo na hócáidí sin nuair nach raibh an ghrúpobair chomh héifeachtach céanna a shainaithint? Iarr ar na páistí na tréithe nó na coinníollacha a chaithfear a chur san áireamh le go mbeidh grúpobair éifeachtach ann a liostú. Pléigh agus comhaontaigh na critéir seo agus cuir ar taispeáint sa seomra iad.

Roghnaigh ceann amháin de na heagraíochtaí carthanachta a ndearna na páistí taighde orthu, agus fiosraigh cad é mar a bhíonn an eagraíocht sin ag obair leis na haidhmeanna aici a chur i gcrích go héifeachtach. Sainaithin na róil agus na freagrachtaí taobh istigh den eagraíocht a chinntíonn go n-éireoidh léi.

Roghnóidh na páistí na grúpaí ar leith a chaithfidh a bheith ann leis an ghníomhaíocht fhiontraíoch a roghnaigh siad i nGníomhaíocht a hAon Déag a phleanáil agus a chur i gcrích go héifeachtach. Is ar an chineál fiontraíochta a bheidh na grúpaí sin ag brath, ach ar na grúpaí bheadh:

- Grúpa fógraíochta
- Grúpa leis an ócáid a phleanáil; agus/nó
- Grúpa airgeadais.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

Scríobh ráiteas le tú féin a chur chun tosaigh do phost áirithe.

Gníomhaíocht a Trí Déag
Pleanáil a Dhéanann Máistreacht

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta obair le chéile le teacht ar chomhaontú agus le tasc a chomhlánú (SSAP); agus
- tuigfidh páistí a thábhachtaí atá pleanáil agus eagrú.





Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir na páistí i gcúig ghrúpa agus tabhair leathán mór páipéir do gach grúpa agus ceann amháin acu seo a leanas mar cheannteideal air: 'CÉ HÉ', 'CAD É', 'CÁ HUAIR', 'CÁ HÁIT' agus 'CÉN DÓIGH'.

Ina ngrúpaí, pléann agus taifeadann na páistí a smaointe ar an ghrúpthasc sa tionscadal fiontraíochta faoi na cúig cheannteideal. D'fhéadfadh na páistí straitéis chuí a úsáid le rudaí a chur in ord tosaíochta, straitéis mar **Tonnadóir na nIdéanna***. Iarr ar na grúpaí tuairisciú leis an rang. Bí i d'éascaitheoir, tú féin ag cuidiú leis na páistí a gcuid smaointe a úsáid le clár imeachtaí a chruthú.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Ceathair Déag
Léirmheasanna den Scoth

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta a bhfuil foghlamtha acu a mheas (SSAP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Agus an ócáid thart, tá sé tábhachtach go mbeidh deis ag na páistí dul siar uirthi. Ina ngrúpaí ar leith, pléifidh agus athbhreithneoidh na páistí a fheabhas a d'éirigh leis an ócáid fiontraíochta agus leis na gnéithe a raibh a ngrúpa freagrach astu. Ainmneoidh gach grúpa duine le smaointe agus le dearcthaí a raibh na grúpaí comhaontaithe orthu a thaifeadadh. Spreag baill ghrúpa leis an mhéid a rinne siad féin agus an méid a rinne baill eile an ghrúpa a mheas agus a phlé.

Nuair a bheidh an measúnú seo déanta ag na grúpaí, tiocfaidh siad le chéile leis an ócáid fiontraíochta a athbhreithniú ina hiomláine. Bheadh **Measúnú Clár Dairteanna*** fóirsteanach leis an chuid seo den ghníomhaíocht a dhéanamh. D'fhéadfaí 'an síleann tú gur éirigh leis an ócáid fiontraíochta a bhí againn?' a úsáid mar theideal don sprioc. Spreagfaidh sé seo plé ar na rudaí ar éirigh leo agus ar na rudaí a d'athródh an rang.

Bíodh deis ag na páistí colún a trí ar an **Greille A-B-C*** a chomhlánú.

Gníomhaíocht Foghlama Baile

Scríobhfaidh na páistí tuairisc ghairid faoin ócáid fiontraíochta do nuachtlitir na scoile.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Áiseanna

Áis A
Cártaí Riachtanas agus Teastálacha

Bia	Fearas Garchabhrach
Uisce glan	Nintendo
Ábhair le háit chónaithe a thógáil	Duine a thabharfaidh aire duit
Airgead	Bréagáin
Cairde	Éadaí fiúntacha

Liosta Áiseanna Molta

Global Eye
www.globaleye.org.uk
Tugann mórcheisteanna forbartha sa domhan mar atá siad faoi láthair chun suntais.

Global Gang – Christian Aid
www.globalgang.org
Tá scéalta ann faoi pháistí atá ar a ndícheall an domhan a fheabhsú.

Juicy Geography
www.juicygeography.co.uk/googleearth.htm
Treoir agus smaointe eile ar an dóigh le Google Earth a úsáid sa seomra ranga.

Oxfam Education
www.oxfam.org.uk/education
Daoine a chur ar an eolas faoi shaoránacht dhomhanda.

Save the Children
www.savethechildren.org.uk
Mórcheisteanna domhanda a théann i bhfeidhm ar pháistí ar fud an domhain.

Unicef
www.unicef.org
Is le forbairt agus marthanas páistí a bhaineann obair na heagraíochta seo den chuid is mó.

Ní ghlacann CCEA le freagracht ná le dliteanas ar bith as aon ábhar atá á sholáthar nó atá ar fáil ar aon cheann de na suíomhanna gréasáin nasctha agus ní fhormhuiníonn sé de riachtanas na tuairimí a luaitear orthu. Ní féidir linn a ráthú go n-oibreoidh na naisc seo an t-am ar fad agus níl smacht ar bith againn ar rochtain na leathanach nasctha.

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning